**Creatchuraclam na Bunscoile (CCB):** Baineann CCB leis an gcreatlach den churaclam athfhorbartha a foilsíodh i mí an Mhárta 2023. Tá an creatlach mar bhonn faoi na sonraíochtaí aonair. Tá sé ríthábhachtach, ar an chéad dul síos, go dtuigtear an CCB sula ndéantar plé mionsonraithe ar na sonraíochtaí aonair.

**Curaclam athfhorbartha:** Baineann an curaclam athfhorbartha leis na doiciméid ar fad (CCB agus na sonraíochtaí do réimsí curaclaim)

**Réimsí Curaclaim:** Cuirtear an curaclam athfhorbartha i láthair i gcúig réimse curaclaim atá leathan agus a bhfuil an creatchuraclam mar bhonn eolais fúthu. Tugtar achoimre ar na réimsí curaclaim ar leathanach 14 den doiciméid CCB lena n-áirítear:

1. Teanga
2. Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta, agus Matamaitice (ETIM)
3. Folláine
4. Oideachas Ealaíon
5. Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

**Sonraíocht:** Is ionann an tsonraíocht do gach réimse curaclaim agus an doiciméad a bhaineann le sonraí ar leith do gach réimse curaclaim den churaclam athfhorbartha. Faomhann an tAire Oideachais agus Óige gach sonraíocht ina haonar agus foilsíonn an Roinn Oideachais agus Óige í. Tá an tsonraíocht éagsúil leis an bhfoireann uirlisí. Leagtar amach sa tsonraíocht, an nasc idir an fhís agus prionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe den chreatchuraclam chomh maith leis an réasúnaíocht, na haidhmeanna, na snáitheanna, aonaid na snáitheanna, gnéithe, torthaí foghlama, agus treoir ar an gcuraclam i gcleachtas.

**Foireann uirlisí:** Is tacar tacaíochtaí í foireann uirlisí do réimse curaclaim a forbraíodh agus atá á choinneáil ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Tá foireann uirlisí ar fáil do gach ceann de na cúig réimse curaclaim agus cuirfidh an CNCM leo de réir a chéile. Tá tacaíocht phraiticiúil ar fáil do mhúinteoirí i ngach foireann uirlisí chun eispéiris foghlama a thógáil atá fiúntach do pháistí. Tá ábhair tacaíochta, samplaí d'fhoghlaim na bpáistí agus tacaíochtaí don dul chun cinn mar chomhpháirteanna san fhoireann uirlisí.

**Oifig an Stiúrthóra Bainistíochta, BOOLM, Sráid an tSéipéil, Dún Dealgan, A91 C7D8.**
Managing Director's Office, LMETB, Chapel Street, Dundalk, A91 C7D8.
Info@oide.ie
www.oide.ie